Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**13744/20**
**COR 1**

**COMER 191**
**WTO 350**
**UD 376**
**COHOM 105**
**DELACT 163**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2020) 9613 final |
| Ábhar: | CEARTÚCHÁN ar Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chun tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a chur san áireamh (C(2020) 8572 final) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2020) 9613 final.

---

Faoi iamh: C(2020) 9613 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.12.2020
C(2020) 9613 final

**CEARTÚCHÁN**

**ar Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chun tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a chur san áireamh**

**(C(2020) 8572 final)**

GA GA

**CEARTÚCHÁN**

**ar Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chun tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a chur san áireamh**

**(C(2020) 8572 final)**

In aithris (12), an dara habairt

*in ionad:* 'Má thagann deireadh leis an tréimhse agóide dá bhforáiltear in Airteagal 2 tar éis an 1 Eanáir 2021 is iomchuí, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus chun aon suaitheadh díobhálach a sheachaint a d'fhéadfaí a dhéanamh ar oibríochtaí cuideachtaí de chuid an Aontais ar mian leo earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe, foráil a dhéanamh maidir le hinfheidhmeacht chúlghabhálach an Rialacháin ón 1 Eanáir 2021.'

*léitear:* 'Má thagann deireadh leis an tréimhse agóide tar éis an 1 Eanáir 2021 is iomchuí, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus chun aon suaitheadh díobhálach a sheachaint a d'fhéadfaí a dhéanamh ar oibríochtaí cuideachtaí de chuid an Aontais ar mian leo earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe, foráil a dhéanamh maidir le hinfheidhmeacht chúlghabhálach an Rialacháin ón 1 Eanáir 2021.'

I bpointe 2 den Iarscríbhinn lena leasaítear Cuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125, an abairt tosaigh

*in ionad:* 'In Iarscríbhinn V, sa liosta i gCuid 2 'Cinn Scríbe' i ndiaidh na hiontrála "An Úcráin", cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

*léitear:* 'In Iarscríbhinn V, sa liosta i gCuid 2 "Cinn Scríbe", cuirtear an iontráil seo a leanas isteach san ord aibítre le haghaidh liostú na dtíortha de réir an leagain teanga faoi seach:'